Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Meán Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**12663/23**

**SOC 584**
**EMPL 419**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | An Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta<br>Ceapachán Anne-Gaëlle CASANDJIAN, comhalta don Fhrainc, in ionad Claire JEAN, atá éirithe as oifig<br>- Glacadh |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Claire JEAN tar éis éirí as oifig mar chomhalta den Choiste thuas i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Fhrainc).

2. Faoi Airteagal 75 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an 29 Aibreán 2004[1] lena mbunaítear an Coiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha, agus de bhrí Chinneadh ón gComhairle an 21 Meán Fómhair 2020[2], beidh na ceapacháin bailí go ceann tréimhse 5 bliana.

[1] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[2] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag rialtas na Fraince le teacht in ionad an chomhalta atá ag éirí as oifig, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025:

Anne-Gaëlle CASANDJIAN
Cheffe de la Division des affaires communautaires et internationales
à la Direction de la Securite Sociale (DSS) Ministere de la sante et des solidarites
14 avenue Duquesne
75700 Paris CEDEX 01
Teil.: +33 1 40 56 69 71
r-phost: anne-gaelle.casandjian@sante.gouv.fr

4. D'fhéadfadh Coiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

DRÉACHTCHINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta[3], agus go háirithe Airteagal 75 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 21 Meán Fómhair 2020[4] agus an 19 Deireadh Fómhair 2021[5], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta don tréimhse dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Claire JEAN as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na Fraince don fholúntas,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[3] IO L 166, 30.4.2004, lch. 1.
[4] IO C 315 I, 23.9.2020, lch. 1.
[5] IO C 427 I, 22.10.2021, lch. 11.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Anne-Gaëlle CASANDJIAN ina comhalta den Choiste Comhairleach um Chomhordú na gCóras Slándála Sóisialta in ionad Claire JEAN, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 19 Deireadh Fómhair 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán